# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Jozef SÍKELA

## Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a dhéanfaidh tú príomhshruthú na hóige a chur chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint den tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Bainimse le glúin arbh éigin di troid ar son a saoirse. In 1989, nuair a bhaineamar an tsaoirse sin amach, bhí mé 22 bhliain d'aois, agus mé i mo sheasamh i gcroílár Phrág in éineacht le comh-mhic léinn ag léirsithe i gcoinne an réimis chumannaigh. Ina dhiaidh sin, bhí aisling eile á saothrú ag ár nglúinse: dul isteach san Aontas Eorpach. An lá a d'fhíoraíomar an aisling sin, ba lá cinniúnach é. Sin an fáth a dtuigim go rímhaith an tóir atá ar an Aontas Eorpach agus ar na luachanna a seasann sé dóibh. Ba mhór an onóir é an deis a bheith agam – mar Choimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta – tairbhe a bhaint as an tóir sin agus tairbhí na luachanna sin a leathnú chuig na milliúin duine ar fud an domhain.

Le 30 bliain anuas, tá méadú faoi chúig nó níos mó tagtha ar olltáirgeacht intíre Phoblacht na Seice. Ní bheifí in ann an méid sin a bhaint amach gan infheistíochtaí móra i mbonneagar, i monaraíocht intíre agus i gcaipiteal daonna, infheistíochtaí a chuir ar ár gcumas dúinn comhtháthú i líonraí domhanda trádála agus infheistíochta. Ní bheadh aon chuid de sin bainte amach gan an Eoraip.

Cén chaoi ar féidir liom cur leis na hiarrachtaí sin? Ar an gcéad dul síos, is féidir liom cur leo trí mo thaithí fhairsing idirnáisiúnta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Nuair ba chomhalta mé de Bhord Erste Group Bank AG, rinne mé maoirseacht ar oibríochtaí in dhá thír déag Eorpacha trí chéile, agus i mbrainsí i Nua-Eabhrac agus Hong Cong freisin. Thug an ról sin tuiscint dhomhain dom ar na margaí airgeadais idirnáisiúnta agus ar mhaoiniú tionscadail ar scála mór – saineolas a chuir ar mo chumas dom ina dhiaidh sin rolladh amach céimneach na straitéise Global Gateway a stiúradh, rud a chuimsigh infheistíochtaí a shlógadh agus ionstraimí airgeadais a struchtúrú.

D'oibrigh mé mar pholaiteoir freisin. Agus mé i m'Aire Tionscail agus Trádála i bPoblacht na Seice, dhírigh mé ar ár n-earnáil fuinnimh a nuachóiriú, an tslándáil fuinnimh a neartú, agus infheistíochtaí straitéiseacha a mhealladh. D'oibrigh mé chun na soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bhonneagair chriticiúil, mar shampla, críochfoirt GNL, agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Cuireann na tionscnaimh sin go díreach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh maidir le hinbhuanaitheacht, neamhspleáchas fuinnimh agus slándáil eacnamaíoch. Mar thoradh ar an taithí sin, tá na scileanna sealbhaithe agam a bhfuil gá leo chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn lasmuigh de theorainneacha na hEorpa. Tá sainchúram na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, ar bunchloch í de bheartas eachtrach eacnamaíoch nua an Aontais, ag teacht go dlúth le mo thosaíochtaí gairmiúla agus le mo thaithí ghairmiúil.

Chun clár oibre straitéiseach an Choimisiúin a chur chun cinn, tá sé beartaithe agam mo shaineolas a chur i bhfeidhm chun maoiniú a fháil do thionscadail idirnáisiúnta ar scála mór. Is ar chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha a chothú a bheidh mé ag díriú, comhpháirtíochtaí a bheidh bunaithe ar an gcomhionannas, ar an meas

frithpháirteach agus ar luachanna comhroinnte, ina mbeidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe á gcur chun cinn san am céanna, agus á áirithiú nach bhfágfar aon tír ar lár. Tá sé d'aidhm agam leas iomlán a bhaint as acmhainneacht tionscnamh, mar shampla, Global Gateway, mar chuid de bheartas eachtrach eacnamaíoch an Aontais. Trí infheistíochtaí a chur chun cinn in earnálacha ríthábhachtacha – an fuinneamh glas, an bonneagar digiteach, an t-iompar, an t-oideachas agus an tsláinte, cuir i gcás – is féidir linn, san am céanna, forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, an bhochtaineacht a laghdú, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an tslándáil eacnamaíoch a neartú.

Geallaim ó chroí freisin aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus ar pheirspictíochtaí inscne agus óige a chomhtháthú i mo shainchúraimí trí chéile. Ní hé amháin gur den riachtanas morálta é an comhionannas inscne, is riachtanas eacnamaíoch freisin é. Tá sé fíor-riachtanach, má táimid chun sochaithe inbhuanaithe rathúla a thógáil, go mbeadh mná agus cailíní páirteach go hiomlán i ngach gné den saol poiblí, an chinnteoireacht agus an ghníomhaíocht eacnamaíoch san áireamh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go mbeadh tús áite ag an gcomhionannas inscne agus ag cumhachtú na mban agus na gcailíní i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais, i gcomhréir leis na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Inscne III. Leis an bPlean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, ba cheart leanúint dár n-iarrachtaí chun an óige a mhealladh, a chumhachtú agus a nascadh ar fud an domhain. Ina theannta sin, áiritheoidh mé go mbeidh m'fhoireann cothrom ó thaobh inscne de.

Geallaim go gcloífidh mé leis na caighdeáin eiticiúla is airde a chaomhnú, mar atá déanta agam le linn mo ghairmréime san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cloífidh mé go docht leis an gCód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh, oibreoidh mé ar theann mo dhíchill ar mhaithe le leasanna ginearálta an Aontais Eorpaigh, agus glacfaidh mé an-chúram chun aon choinbhleacht leasa a sheachaint. Má tá díospóid ar tí teacht chun cinn, tabharfaidh mé fógra don Uachtarán fúithi gan mhoill. Beidh mé ionraic trédhearcach agus mé i mbun mo ghníomhaíochtaí uile.

### 2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Creidim go láidir sa daonlathas parlaiminteach. Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, tógfaidh mé freagrachtaí polaitiúla orm féin as na gníomhaíochtaí faoi mo shainchúram, gan dochar do phrionsabal na coláisteachta, mar a leagtar amach i mo Litir Mhisin.

Glacaim go hiomlán leis an méid seo a leanas a luaitear i mo Litir Mhisin: 'Déanfaimid ár ndaonlathas a neartú, tacaíocht a thabhairt dár luachanna agus a áirithiú go mbeimid níos láidre sa bhaile. Oibreoimid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe agus cuirfimid ár leasanna i bhfeidhm níos fearr ar fud an domhain'. Is iad ár luachanna Eorpacha croílár ár dtairisceana do thíortha comhpháirtíochta.

Agus mé i m'Aire Tionscail agus Trádála i bPoblacht na Seice, d'oibrigh mé i bpost sinsearach i gcomhrialtas. Sa ról sin, d'oibrigh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na Seice; má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé i gceist agam an cur chuige céanna a ghlacadh i leith Pharlaimint na hEorpa. Comhar láidir idirinstitiúideach a bheith ann agus comhthoil a chothú idir páirtithe éagsúla, is é an t-aon toradh a fhéadfaidh a bheith air sin daonlathas na hEorpa a neartú.

Geallaim go gcuirfidh mé an Creat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún chun feidhme, mar aon leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Bheinn i láthair i bParlaimint na hEorpa, i ndíospóireachtaí iomlánacha agus i gcruinnithe Coiste araon, agus chuirfinn an Pharlaimint ar an eolas go rialta faoi mo chuid gníomhaíochtaí agus faoi ghníomhaíochtaí Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta. Feidhmeoidh mé de réir an ghealltanais a leagtar amach sa Chreat-Chomhaontú chun freagairt do rúin ó Pharlaimint na hEorpa laistigh de 3 mhí. Geallaim freisin a áirithiú

go bhfreagróidh an Coláiste do rúin na Parlaiminte faoi Airteagal 225 CFAE go tráthúil, agus na prionsabail maidir le comhréireacht, coimhdeacht agus reachtóireacht níos fearr á n-urramú. Déanfaidh mé mo dhícheall dul i mbun idirphlé struchtúrtha le Parlaimint na hEorpa chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach go tráthúil ar Rúin Airteagal 225 CFAE.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, eagróidh mé idirphlé struchtúrtha rialta le Coiste DEVE agus áiritheoidh mé trédhearcacht agus sreabhadh faisnéise leis an bParlaimint roimh mhórimeachtaí agus príomhchéimeanna na caibidlíochta idirnáisiúnta. Leanfaidh mé freisin den Idirphlé Geopholaitiúil Ardleibhéil a reáchtáil dhá uair sa bhliain, idirphlé a bunaíodh faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta-an Eoraip Dhomhanda (ICFCI-an Eoraip Dhomhanda), – fóram riachtanach inar féidir plé a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha polaitiúla, Global Gateway san áireamh. Tá sé ar intinn agam oibriú libhse, leis an Ardionadaí / Leas-Uachtarán agus le mo chomh-Choimisinéirí, chun ár n-idirghníomhú a neartú a thuilleadh.

Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, is mian liom a fhiosrú libh freisin cén chaoi ar féidir Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a chur san áireamh ar bhonn níos rialta i misin Fhoireann na hEorpa chuig tíortha comhpháirtíochta.

Geallaim freisin córas éifeachtach infheicthe a thabhairt isteach chun Global Gateway a rianú agus a thuairisciú, agus ollchóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirimid tairiscint na hEorpa in iúl i dtíortha comhpháirtíochta agus do cháiníocóirí na hEorpa.

Beidh sé d'aidhm agam an t-idirphlé le páirtithe leasmhara a neartú san Aontas Eorpach agus i dtíortha comhpháirtíochta, agus béim ar leith á leagan ar dhul i dteagmháil le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar sheisiúin bhliantúla Idirphlé Beartais leis an Aos Óg a thabhairt isteach.

Sa chomhthéacs sin, geallaim go n-éistfidh mé, go gcothóidh mé comhdhearcadh, go bhfeabhsóidh mé an t-idirphlé agus go bhforbróidh mé caidreamh oibre libh ionas gur féidir linn ár ngealltanas comhpháirteach a chomhlíonadh maidir le rannchuidiú le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Fhorbairt</u>

*3. Comhar um fhorbairt i ndáil leis an mbeartas eachtrach eacnamaíoch agus an straitéis Global Gateway*

*Is é is príomhchuspóir do chomhar um fhorbairt an Aontais Eorpaigh de réir na gconarthaí (Airteagal 208 CFAE) 'an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur léi ar fad'. Sna treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, a chuir Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen i láthair, agus i do litir mhisin, cuireadh an coincheap 'beartais eachtraigh eacnamaíoch' nua chun cinn freisin.*
*I bhfianaise an mhéid sin, cad iad spriocanna beartais forbartha an Aontais ó do thaobhsa de, conas a shaothróidh tú iad i gcath geopholaitiúil na dtairiscintí agus na n-insintí agus go háirithe, conas a chuirfidh tú an straitéis Global Gateway chun feidhme? Sa chomhthéacs sin, cén chaoi ar mhaith leat an tionscnamh Global Gateway a mhéadú agus infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a dhreasú, lena n-áirítear infheistíochtaí ó chuideachtaí Eorpacha, i réigiúin atá i mbéal forbartha, ar infheistíochtaí iad a théann chun tairbhe don dá thaobh? Cad iad na sásraí a chuirfear i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh na hinfheistíochtaí sin ag teacht le riachtanais forbartha áitiúla, go n-urramóidh siad príomhchuspóir bheartas an Aontais maidir leis an gcomhar um fhorbairt agus go mbeidh rialtais chomhpháirtíochta agus gníomhaithe na sochaí sibhialta rannpháirteach ann? Conas a dhéanfaidh tú creat láidir faireacháin agus meastóireachta a chur ar bun le haghaidh tionscadail a chistítear faoin tionscnamh Global Gateway, agus conas a áiritheoidh tú trédhearcacht agus grinnscrúdú parlaiminteach ar an bpleanáil straitéiseach agus ar an gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán ICFCI-An Eoraip Dhomhanda agus lenár n-oibleagáidí Conartha?*

Deireadh a chur leis an mbochtaineacht, sin príomhchuspóir obair an Aontais Eorpaigh i dtíortha atá i mbéal forbartha, mar a leagtar amach sna Conarthaí. Ar an leibhéal domhanda, is é ár gcompás Clár Oibre 2030, a formhuiníodh go huilíoch, agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, sin an rud a shocróidh creat mo chuid oibre.

Is í an cheist ansin cén chaoi is fearr rannchuidiú leis na cuspóirí sin. Maidir leis an méid sin, tabharfaidh mé an-aird ar na nithe ar éirigh leo sa chleachtas. Le linn mo shaoil ghairmiúil, is é an tosaíocht a bhí agam torthaí a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, is maith is eol dom ó thaithí phearsanta gurb é fás eacnamaíoch cuimsitheach inbhuanaithe an rud is mó atá taobh thiar den fhorbairt inbhuanaithe.

Le blianta beaga anuas, is léir na teorainneacha atá leis an tsamhail thraidisiúnta deontóra-faighteora. Na tíortha is mó ar éirigh leo an bhochtaineacht a laghdú, sin na tíortha a rinne infheistíocht i bhforbairt bonneagair, i monaraíocht intíre, agus san oideachas, agus a chomhtháthaigh a ngeilleagair, ar an gcaoi sin, i gciorcaid trádála agus infheistíochta an domhain.

Sin an réimse, sa lá atá inniu ann, ina bhfuil tacaíocht á lorg ag Margaí atá ag Teacht Chun Cinn agus Geilleagair atá i mBéal Forbartha. Is é atá á lorg ag tíortha sa 21ú haois comhpháirtíochtaí, agus ní spleáchais. Tá siad ag féachaint lena n-athléimneacht i leith suaití seachtracha a neartú, díreach mar a bhíonn á dhéanamh againn féin. Ní mór dóibh poist a chruthú dá bpobail atá ag fás. I gcás nach bhfreagraíonn an tAontas don éileamh sin, freagróidh páirtithe eile dó. An bhfágfaimid acu é? Is é sin an rogha pholaitiúil atá le déanamh againn. I mo thuairimse, is féidir leis an Aontas deiseanna a thapú chun teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, agus is deiseanna iad sin nach mór dó a thapú. Agus déanfaimid amhlaidh ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de.

Thairis sin, tá ceist bhunúsach ann faoi scála. Ní leor Cúnamh Oifigiúil Forbartha ann féin chun dul i ngleic le dúshláin an lae inniu. Tá ról ríthábhachtach aige ach chun difríocht a dhéanamh i ndáiríre, ní mór infheistíochtaí príobháideacha láidre a bheith ag gabháil leis. Ní mór dúinn ár ngníomhaíocht a chur in oiriúint chuige sin. Measann an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta gurb é EUR 4 thrilliún in aghaidh na bliana an bhearna infheistíochta bhliantúil is gá a dhruidim chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach i dtíortha i mbéal forbartha inniu, ach nach bhfuil sa Chúnamh Oifigiúil Forbartha Domhanda ach thart ar EUR 0.2 trilliún in aghaidh na bliana. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach a bheith in ann maoiniú inbhuanaithe príobháideach a shlógadh de réir scála.

Tá na breithnithe sin taobh thiar den athrú ó bhonn ar chur chuige an Aontais i leith comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, agus léirítear an t-athrú sin sa straitéis Global Gateway.

Tá sé ríthábhachtach don Aontas freisin a thairiscint a chur in oiriúint do chomhthéacs geopholaitiúil an lae inniu. Le blianta beaga anuas, tá méadú mór tagtha ar líon na dtairiscintí malartacha. Tá fáil ag Margaí atá ag Teacht Chun Cinn agus Geilleagair atá i mBéal Forbartha ar réimse roghanna níos leithne. Mar thoradh air sin, tá so-athraitheacht úr i ngnóthaí idirnáisiúnta, mar a bhfuil comhghuaillíochtaí *ad hoc* agus caidrimh lena mbaineann gné idirbheartaíochta níos treise tagtha in ionad comhghuaillíochtaí atá ina gcomhghuaillíochtaí bloic amháin. Cuid de na tairiscintí, tá coinníollacha ag gabháil leo agus úsáidtear na tairiscintí sin chun samhlacha rialachais iomaíocha a chur chun cinn.

Ní mór dúinn a thaispeáint gur rogha níos fearr í tairiscint na hEorpa. Tairiscint chuimsitheach cháilíochtúil inbhuanaithe, agus í fréamhaithe inár luachanna, inár noirm agus inár gcaighdeáin chomhroinnte. Tá an tairiscint sin níos fearr ná tairiscintí ár n-iomaitheoirí. Táim lánchinnte de sin, agus ní mór dúinn níos mó a dhéanamh chun an méid sin a chur ina luí ar ár gcomhpháirtithe.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán,, oibreoidh mé i dtreo 'Global Gateway a thiontú ó ghnólacht nuathionscanta ina ghnólacht atá ag méadú ó scála go scála', mar a shainordaítear i mo litir mhisin. Is éard a bheidh i gceist leis sin, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí / Leas-Uachtarán agus le comhaltaí eile den Choláiste, ár dtairiscint a bheachtú chun í a chur i gcomhthéacs beartais eachtraigh eacnamaíoch níos leithne, agus dlús a chur leis an gcur chun feidhme, rud a chuimseoidh an infheistíocht phríobháideach a uas-scálú. Ós rud é go bhfuil taithí fhairsing agam ar an trádáil idirnáisiúnta agus ar an ngnó, is dóigh liom go bhfuilim in áit an-mhaith chun an sainordú sin a chur i gcrích.

Beidh cur chuige Fhoireann na hEorpa ríthábhachtach chun an méid sin a dhéanamh. Leanúint den chur chuige sin a fhorbairt, beidh sé sin ina thosaíocht le haghaidh mo shainordaithe má dheimhnítear m'ainmniúchán. Ar chúiseanna scála agus tionchair, ní mór dúinn comhordú neartaithe a bhaint amach le Ballstáit an Aontais, lena mBainc Forbartha agus a nInstitiúidí Airgeadais, agus lena ngníomhaireachtaí cur chun feidhme. Ar an gcaoi sin, beidh siad uile in ann rannchuidiú ar an gcaoi is fearr a oireann dá gcuid láidreachtaí. Tuigim go rímhaith na dúshláin atá roimh ghníomhaireachtaí náisiúnta beaga. Mar sin féin, feicim go bhfuil ionchuir luachmhara á soláthar cheana féin ag cuid de na gníomhaireachtaí beaga trí bhíthin saineolas poiblí sonrach agus ranníocaíochtaí airgeadais spriocdhírithe. Tá gach Ballstát den Aontas in ann rannchuidiú ar bhealach fiúntach. Chun an scála ceart a bhaint amach, ní mór dúinn dlús a chur le slógadh uirlisí maoiniúcháin nuálacha, agus muid ag brath ar ionstraimí dí-rioscaithe, mar shampla, ráthaíochtaí agus maoiniú cumaiscthe. Is uirlisí ríthábhachtacha iad sin chun an maoiniú príobháideach a uas-scálú. An tráth céanna, ní mór dúinn oibriú lenár gcomhpháirtithe chun feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh infheistíocht ón earnáil phríobháideach, ós rud é gur féidir leo breisluach nach beag a chur i dtreo forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, molfaidh mé do Bhallstáit

uile an Aontais páirt a ghlacadh go réamhghníomhach san iarracht sin. Cuirfear tús leis sin trí na gníomhaithe ábhartha uile a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta, agus trí na réimsí is fearr inar féidir leo rannchuidiú go héifeachtúil a shainaithint.

Beartas láidir a bheith ann maidir le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, agus é a bheith ina chuid de bheartas eachtrach eacnamaíoch nua, is é a bheidh i gceist leis sin oibriú níos dlúithe le Parlaimint na hEorpa. Tá ról lárnach ag Parlaimint na hEorpa maidir le cultúr comhair níos straitéisí a chothú. Tá ról lárnach agaibh freisin i dtaca le comhleanúnachas beartais ár reachtaíochta inmheánaí a áirithiú – níor cheart tionchar seachtrach ár mbeartas intíre a bheith ina athsmaoineamh choíche. Dá bhrí sin, ba bhreá liom oibriú go dlúth libh ar na saincheisteanna sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán,, beidh clár oibre agam lasmuigh de Global Gateway, ar ndóigh, ós rud é nach gcumhdaítear leis an tionscnamh sin fairsinge iomlán chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais. Cé go bhfuilim siúráilte gurb é Global Gateway an bealach is éifeachtúla chun rannchuidiú le cuspóirí fhormhór na dtíortha maidir le deireadh a chur leis an mbochtaineacht, creidim nach féidir é a chur i bhfeidhm i ngach áit. Sna tíortha is lú forbairt, i limistéir choinbhleachta, i dtíortha nach mór dóibh aghaidh a thabhairt ar éagobhsaíocht nó i suíomhanna casta, ní mór dúinn díriú ar na riachtanais is práinní atá ag an bpobal ó thaobh bia, sláinte agus oideachais de.

Ina theannta sin, sílim freisin gur cheart don Aontas a bheith ina phríomhghníomhaí fós maidir le beartais phoiblí, go háirithe trína mhéid a rannchuidímid le tionscnaimh dhomhanda agus le cistí domhanda. Le clár oibre an Aontais, Global Gateway san áireamh, cuirtear an t-ord domhanda riailbhunaithe agus a luachanna chun cinn. Ba mhaith liom go mór an comhordú beartais le heagraíochtaí iltaobhacha a neartú. Tá eagraíochtaí iltaobhacha fós ina gcomhpháirtithe tábhachtacha ó thaobh cur chun feidhme de. Tacóidh mé leis an Ardionadaí / Leas-Uachtarán chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas de ról ceannasach a bheith aige maidir leis an gcóras idirnáisiúnta a athchóiriú, na Náisiúin Aontaithe san áireamh.

Freagraíonn ár mbeartas um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta d'éileamh ónár dtíortha comhpháirtíochta. Le próiseas clársceidealaithe chistí an Aontais, áirithítear go dtacaíonn infheistíochtaí le straitéisí forbartha inbhuanaithe na dtíortha comhpháirtíochta agus go bhfuil siad ag teacht leis na riachtanais forbartha áitiúla. Is chun ár leasa fhrithpháirtigh é athléimneacht ár dtíortha comhpháirtíochta a neartú; ach ár gcumas chun gníomhú, is freagairt é sin go príomha ar iarraidh ó thíortha comhpháirtíochta. Is mian leo go gcaithfí leo mar chomhpháirtithe comhionanna, agus ní mar fhaighteoirí sóisearacha. Trí Global Gateway, táimid ag lorg caidreamh a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh.

Dar liomsa, tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun go n-éireoidh le Global Gateway, ar dhá chúis ar a laghad. An chuimsitheacht agus an úinéireacht ar an gcéad dul síos. Tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbeidh ár n-idirghabhálacha agus ár n-infheistíochtaí ag teacht lena bhfuil ag tarlú dáiríre ar an leibhéal áitiúil. Ar an leibhéal domhanda, tá rannpháirtíocht sheanbhunaithe rialta ag an Aontas le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, rannpháirtíocht a bhfuil Ardán Idirphlé na Sochaí Sibhialta agus na nÚdarás Áitiúil, ardán a bhaineann go sonrach le Global Gateway, ina chuid di anois. Ar leibhéal na dtíortha, tá idirphlé struchtúrtha againn le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, idirphlé maidir le clársceidealú san áireamh.

Trédhearcacht agus cuntasacht ar an dara dul síos. Beidh gá le trédhearcacht agus cuntasacht chun an Straitéis Global Gateway a chur i gcrích – ba cheart rannpháirtíocht na sochaí sibhialta rannchuidiú leis sin. I gcás inar féidir linn ár gcomhpháirtíochtaí a rolladh amach le gníomhaithe iontaofa stáit, is é an fócas a bheidh agam a áirithiú go mbeidh lucht na sochaí shibhialta ina 'ngníomhaithe rialachais', seachas ina 'soláthróirí seirbhíse' amháin. I gcás inar gá dúinn aghaidh a thabhairt ar leochaileacht, is í an tsochaí shibhialta an rogha is fearr linn i gcónaí agus, i gcásanna áirithe, an t-aon phiara a bheidh againn.

Is den ríthábhacht iad faireachán agus meastóireacht thrédhearcach, ó thaobh éifeachtúlachta de agus chun torthaí a chur ar taispeáint araon – is maith is eol dom an méid sin ó mo laethanta san earnáil phríobháideach. Maidir le tionscadail a chistítear le buiséad an Aontais, tá feidhm ag creat faireacháin agus meastóireachta ICFCI-An Eoraip Dhomhanda. Is creat láidir é Córas Faireacháin Feidhmíochta na hEorpa Domhanda, Creat Torthaí na hEorpa Domhanda san áireamh, ar creat é a úsáidtear le haghaidh oibleagáidí tuairiscithe faoi ICFCI – an Eoraip Dhomhanda (e.g. Tuarascáil Bhliantúil ar chur chun feidhme Ionstraimí Gníomhaíochta Seachtraí an Aontais). Thángthas ar chomhaontú leis na Ballstáit maidir le hinfheistíochtaí arna slógadh a rianú, agus tá obair idir lámha chun an mhodheolaíocht sin agus an tuairisciú comhchoiteann a bheachtú a thuilleadh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go gcuirfear dlús leis an obair sin agus í go hiomlán trédhearcach a mhéid a bhaineann le Parlaimint na hEorpa.

Táim tiomanta don ghrinnscrúdú daonlathach agus tá meas agam ar ról Pharlaimint na hEorpa. Tá rún daingean agam oibriú i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa, agus cuimsítear leis sin a Coiste um Fhorbairt mar a bheartaítear faoi chuimsiú na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda.

*4. Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach, aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus ar chomhleanúnachas beartais*

*Ní dhéantar aon tagairt sa litir mhisin do phríomhréimsí beartais maidir le forbairt dhaonna, mar shampla, an tsláinte, an t-oideachas nó an tslándáil bia. Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú chun cur chun feidhme SFInna agus tuairisciú ina leith a neartú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le forbairt chuimsitheach dhaonna ar bhonn na ngealltanas a thug an Coimisiún ina leith, go háirithe an 10 % íosta don oideachas ó bhuiséad na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, a bhaineann leis an tsláinte, leis an gcomhionannais inscne, le cumhachtú na mban agus na gcailíní, agus cosaint leanaí, agus comhpháirtithe áitiúla a bheith rannpháirteach ag an am céanna, chomh maith le húsáid an mharcóra neamhionannais a threisiú agus a leathnú? An ndéanfaidh tú Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt a oibríochtú le linn na bpróiseas reachtach agus polaitiúil, lena n-áirítear measúnú agus tuairisciú ex-ante ar thionchar thionscnaimh uile an Choimisiúin ar ár gcomhpháirtithe Domhanda Theas, chun a áirithiú go gcruthófar sineirgí le beartais Eorpacha i réimsí amhail trádáil, airgeadas, slándáil, talmhaíocht, iascach, aeráid, bithéagsúlacht, fuinneamh, amhábhair agus imirce, seachas an bonn a bhaint de ról an Aontais maidir le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an domhain?*

Is iad Clár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe atá ina n-eiseamláir le haghaidh bheartais an Aontais agus beidh siad araon mar a bheadh chompás dom fós má dheimhnítear m'ainmniúchán. Cuireadh de chúram ar gach Comhalta den Choláiste a áirithiú go mbainfear amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ina réimse beartais, rud a chuireann le conclúidí Athbhreithniú Deonach an Aontais maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, a cuireadh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe in 2023; sainordú a deimhníodh i mo Litir Mhisin: 'Leanfaidh tú d'áirithiú go gcuirfidh an tAontas Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun cinn'.

Is é Global Gateway príomh-rannchuidiú an Aontais le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 lasmuigh dár dteorainneacha. Cuidíonn sé le hacmhainní teoranta an Aontais a dhíriú ar na réimsí is mó inar féidir leo tionchar a imirt ar an bhforbairt inbhuanaithe.

Feabhas a chur ar shaol daoine agus srian a chur leis an neamhionannas, is é sin atá i gcroílár shainchúram na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta. Ba cheart gur ghné fhíor-riachtanach shainiúil dár dtairiscint fós é infheistíocht a dhéanamh san fhorbairt dhaonna ar feadh na saolré. I gcath na dtairiscintí, is é samhail shóisialta an Aontais an cárta gnó is fearr dá bhfuil againn ar go leor bealaí.

An cur chuige 360 céim atá ag Global Gateway, is é sin díreach an rud a dhealaíonn ó thionscnaimh eile é. Nascann sé infheistíochtaí i mbonneagar (mar shampla, bóithre, cáblaí, gléasraí grianchumhachta) le hinfheistíochtaí sa timpeallacht chumasúcháin (mar shampla, oideachas, scileanna, taighde, creataí rialála, dea-rialachas) chun tacú le forbairt dhaonna agus chun acmhainneacht ár gcomhpháirtithe a neartú. Ní tosaíochtaí téamacha iontu féin amháin iad an t-oideachas agus an tsláinte – is réamhriachtanais iad chun spriocanna eile Global Gateway a bhaint amach agus tá siad leabaithe sna spriocanna sin. Seo dhá shampla chun an tuiscint atá agam ar an gcur chuige 360 céim a léiriú.

1. Is gné é an t-oideachas lena gcumasaítear Global Gateway. Braitheann an fás eacnamaíoch ar lucht saothair oilte a bhfuil oideachas orthu. Córas láidir oideachais a bheith ann, is gné ríthábhachtach é sin den nuálaíocht a spreagadh agus de thacú leis an aistriú glas agus digiteach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i neartú na gcóras oideachais, i bhforbairt na luath-óige agus in oideachas na gcailíní, in oideachas teicniúil agus gairmiúil, agus i mbonneagar digiteach chun cuidiú le daoine óga na scileanna a bhfuil gá leo a shealbhú chun bheith ina ngníomhaithe san aistriú digiteach.

2. Is amhlaidh atá i gcás na sláinte. Tá sé fíor-riachtanach córais sláinte éifeachtacha, athléimneacha agus inrochtana a bheith ann. Éilíonn na córais sin bonneagar fisiceach, mar shampla, clinicí, monarchana agus bóithre chun táirgí sláinte a tháirgeadh agus a dháileadh, ach chomh maith leis sin, lucht saothair oilte, rialáil fhónta agus taighde. Sin an fáth ar tosaíocht é sna 5 bliana atá romhainn amach dlús a chur le cur chun feidhme Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais agus córais sláinte a neartú ar fud an domhain.

Agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta á rolladh amach, is é a bheadh i gcroílár mo chur chuige an bhochtaineacht a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais. Neamhionannas atá ag dul i méid, baineann sé sin an bonn den dul chun cinn maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile; ní mór dúinn a áirithiú go rachaidh ár ngníomhaíocht uile, infheistíochtaí Global Gateway san áireamh, i ngleic le héagothromaíochtaí, is cuma cé acu a bhaineann siad le rochtain chomhionann ar mhargadh an tsaothair, an t-oideachas, nascacht dhigiteach nó córais uilíocha sláinte agus cosanta sóisialta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam oibriú libh chun a áirithiú go mbainimid tairbhe as an Marcóir Neamhionannais chun ár n-infheistíochtaí a threorú, agus á áirithiú san am céanna go mbeidh fíorthionchar intomhaiste acu ar neamhionannais. Tá sé i gceist agam úsáid an Mharcóra a chur chun cinn sa Choimisiún trí chéile agus lasmuigh de.

Tá rún daingean agam freisin dea-theist iontach an Aontais maidir le comhionannas inscne a choinneáil ar bun, trína leabú i ngníomhaíochtaí seachtracha uile an Aontais agus trína áirithiú go rannchuideoidh ár gcuid oibre go díreach le cumhachtú na mban agus na gcailíní. Le Plean Gníomhaíochta Inscne III, cuirtear an tAontas ar thús cadhnaíochta ó thaobh ceannaireachta domhanda de; má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé ar intinn agam an buntáiste sin a choinneáil ar bun agus a neartú.

Ós rud é gur comhreachtóir é Parlaimint na hEorpa, beidh ról fíor-riachtanach aici maidir le comhleanúnachas ár ngníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha a neartú. Ina theannta sin, chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach, ní mór don Aontas tionchar seachtrach ár mbeartas inmheánach a chur san áireamh, trí rannpháirtíocht réamhghníomhach le comhpháirtithe, agus – i gcás inarb ábhartha – measúnuithe tionchair críochnúla *ex ante*, faireachas/meastóireacht *ex post*, agus bearta tacaíochta chun éifeachtaí seach-iarmharta diúltacha ar an trádáil agus ar an infheistíocht a mhaolú. Ba cheart cur chuige comhtháite a ghlacadh i leith beartais inmheánacha agus sheachtracha, ós rud é g bhfuil siad fite fuaite ina chéile. Cumhdaítear cuspóir an chomhtháthaithe beartais cheana féin sna Conarthaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i dtreo *breithnithe geopholaitiúla agus geo-eacnamaíocha a phríomhshruthú i gceapadh beartas an Choláiste.*

*5. An chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an Afraic agus an caidreamh le réigiúin eile*

*Cad iad na réimsí sonracha a dtabharfaidh tú tús áite dóibh sa chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an Afraic, cén chaoi a mbeidh muinín ag ár gcomhpháirtithe Afracacha astu agus an ndéanfaidh tú straitéis an Aontais Eorpaigh don Afraic a thabhairt cothrom le dáta? Conas a áiritheoidh tú go mbeidh cur chuige cothrom ann maidir le dul i mbun rannpháirtíochta le réigiúin gheografacha eile atá faoi do shainchúram? Cad iad na bearta nó na tionscnaimh reachtacha nua de chuid an Aontais, más ann dóibh, a mholfá chun na cuspóirí sin a bhaint amach? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat idirghníomhú le Ballstáit BRICS+, agus iarmhairtí leathnú agus chomhtháthú na ngrúpaí do bheartas forbartha an Aontais á gcur san áireamh?*

Tosaíocht i mo shainordú is ea comhpháirtíocht chothrom a bheith ann idir an Afraic agus an tAontas, comhpháirtíocht a fheidhmeoidh go maith agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Is í an Afraic an chomharsa is gaire don Eoraip, agus is mór-roinn lán deiseanna í. Is inti atá thart ar leath de na 20 geilleagar is mó fás ar domhan, mar aon le lucht saothair óg dinimiciúil, agus flúirse acmhainní nádúrtha.

Is í Fís Chomhpháirteach 2030 straitéis an Aontais maidir lenár rannpháirtíocht leis an Afraic, straitéis a d'fhormhuinigh ceannairí na hAfraice agus ceannairí an Aontais ag an gCruinniú Mullaigh deireanach idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach in 2022. Leagtar amach inti na cuspóirí maidir lenár gcomhar sna blianta amach romhainn. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, brúfaidh mé cur chun feidhme na físe sin chun cinn.

Tá go leor tíortha san Afraic in acmhainn fás inbhuanaithe a bhaint amach. Tá rún daingean agam an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Afraic a neartú agus a dhoimhniú trí phacáistí Global Gateway 360 céim a chur i bhfeidhm agus a uas-scálú, pacáistí a bhaineann le cuspóirí claochlaitheacha a comhaontaíodh go comhpháirteach agus le deiseanna nithiúla infheistíochta. Beidh aird ar leith á tabhairt agam ar a áirithiú go mbainfidh an earnáil phríobháideach barr a cumais amach ó thaobh rannchuidiú le cur chuige Fhoireann na hEorpa de.

Faoi mo cheannasaíocht, má dheimhnítear m'ainmniúchán, beimid ag díriú ar shlabhraí luacha áitiúla a fhorbairt agus tacú leis an tionsclú i bpríomhréimsí, mar shampla, an t-iompar, teicneolaíochtaí digiteacha, agus fuinneamh inbhuanaithe. Is cumasóir ríthábhachtach é straitéis Global Gateway, lena maoinítear tionscadail bhonneagair a fheabhsaíonn an trádáil náisiúnta, ach ina theannta sin, a chuireann cruthú post agus éagsúlú eacnamaíoch chun cinn.

Is mór-roinn ilchineálach í an Afraic: beidh sé tábhachtach rannpháirtíocht an Aontais a chur in oiriúint do na comhthéacsanna réigiúnacha, náisiúnta agus áitiúla. Tá codanna den mhór-roinn fós thíos le coinbhleacht agus éagobhsaíocht pholaitiúil – ón tSaiheil Láir go Corn na hAfraice agus Réigiún na Mór-Lochanna. Lasmuigh de Global Gateway, ba cheart don Aontas tacú le cur chuige difreáilte agus leanúint de bheith rannpháirteach i gcomhthéacsanna leochaileacha, tacú le pobail agus idirphlé a chur chun cinn i gcomhthéacsanna ina bhfuil coimhthíos polaitiúil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leagfaidh mé béim ar an idirphlé le comhpháirtithe na hAfraice chun freagairt dá n-uaillmhianta i gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú.

Is chun na hAfraice a rachaidh leath d'infheistíochtaí EUR 300 billiún Global Gateway faoi 2027. Ba cheart dúinn na cistí sin a úsáid chun díriú ar thionscadail nithiúla a théann chun tairbhe dár gcomhpháirtithe Afracacha agus a chaomhnaíonn ár luachanna san am céanna. Ar na réimsí tosaíochta don chomhpháirtíocht idir an Afraic agus an tAontas Eorpach tá na nithe seo a leanas: forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus tionsclú (slabhraí luacha áitiúla); tionscadail bhonneagair (mar shampla, líonraí iompair, córais fuinnimh, moil lóistíochta); an t-aistriú glas agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide (chun leas a bhaint as acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite na mór-roinne); an claochlú digiteach (bonneagar digiteach, rochtain ar leathanbhanda, litearthacht dhigiteach agus fiontraíocht); an tslándáil (bunchúiseanna na héagobhsaíochta).

Is straitéis dhomhanda í Global Gateway, a bhfuil úsáid á baint as ar gach mór-roinn. Mar shampla, gheall an tAontas agus na Ballstáit tairbhe a bhaint as EUR 45 bhilliún ar a laghad faoi 2027 mar chuid de Chlár Oibre Infheistíochta Global Gateway idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib; formhuiníodh pacáiste Global Gateway dar luach EUR 10 mbilliún le haghaidh réigiún Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas; fógraíodh infheistíocht EUR 10 mbilliún chun an Chonair trasna Mhuir Chaisp lena nasctar an Áise Láir agus an Eoraip a fhorbairt.

Ní mór tionscadail a chur in oiriúint do na comhthéacsanna áitiúla éagsúla. Mar shampla, rinne go leor tíortha i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib iarratas soiléir ar chlár oibre infheistíochta agus tá sé d'acmhainn acu tairbhiú de shlabhraí luacha domhanda, ach tá gá acu le caipiteal, teicneolaíocht, oiliúint agus caighdeáin chun an bhearna infheistíochta a dhúnadh. Tá an Áise Láir ag iarraidh a roghanna maidir le beartas seachtrach a éagsúlú, naisc mhalartacha agus conairí iompair malartacha a fhorbairt, agus an comhar idir-réigiúnach a dhoimhniú. I réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, tosaíochtaí is ea an t-oiriúnú don athrú aeráide agus é a mhaolú, mar aon leis an nascacht dhigiteach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé cur chuige cothrom chun cinn maidir leis na réigiúin éagsúla ina n-oibrímid, cur chuige a bheidh dírithe ar thorthaí agus a chuirfidh leis na pacáistí infheistíochta atá ann cheana.

I gcomhthéacsanna leochaileacha, ba cheart don Aontas a bheith prionsabálta agus pragmatach in éineacht, agus a rannpháirtíocht a chur in oiriúint do shrianta agus riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta i bhfianaise thosaíochtaí beartais an Aontais. An príomhchuspóir ba cheart a bheith againn sna suíomhanna sin aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus, san am céanna, rochtain a thabhairt ar sheirbhísí bunúsacha lena sábhálfar beatha daoine agus lena gcuirfear athléimneacht pobal chun cinn, cearta an duine agus slándáil an duine a chur chun cinn, leochaileachtaí a laghdú, réitigh shíochánta a spreagadh, agus ar deireadh, cosc coinbhleachtaí a chothú. Creidim go láidir i gcuir chuige chomhtháite, i gcomhréir leis an nasc idir an Daonnúlacht, an Fhorbairt agus an tSíocháin.

Cé gur mian liom, ar ndóigh, teagmháil a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe uile, mórgheilleagair atá ag teacht chun cinn san áireamh, is beag atá i bpáirt ag an mBrasaíl, an Rúis, an India agus an tSín (na tíortha BRICS) le chéile agus tá comhleanúnachas inmheánach in easnamh orthu mar ghrúpa. An 'méadú' a rinneadh ar an ngrúpa le déanaí, is cleachtadh cumarsáide go príomha atá ann go dtí seo. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé de theagmháil a dhéanamh go déthaobhach le comhaltaí an ghrúpa, seachas an Rúis.

*6. An imirce agus comhar um fhorbairt*

*Conas a fheiceann tú an t-idirnasc atá idir an imirce agus comhar um fhorbairt an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs ár n-oibleagáidí maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt? Conas a thabharfaidh tú aghaidh ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh agus an ngeallann tú go n-áiritheoidh tú go ndéanfar na forálacha agus na spriocanna ábhartha i Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda chomh maith le hoibleagáidí an Aontais maidir le cearta an duine a urramú go hiomlán? Conas mar a bheidh, dar leat, an comhar agus roinnt na hoibre ar ghnéithe seachtracha den imirce agus den tsoghluaisteacht le Coimisinéirí eile, go háirithe maidir le comhaontuithe a bhaineann leis an imirce, agus maidir le grinnscrúdú*

*Pharlaimint na hEorpa ar na comhaontuithe sin a áirithiú? Conas a chuirfidh tú feabhas ar an trédhearcacht maidir le húsáid chistí ICFCI-an Eoraip Dhomhanda i réimse na himirce, agus conas a rachaidh tú i mbun rannpháirtíochta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le grúpaí diaspóra agus le pobail imirceach maidir le cláir forbartha a bhaineann leis an imirce a cheapadh agus a chur chun feidhme?*

Imríonn tosca amhail dífhostaíocht, coinbhleacht agus neamhshlándáil, an t-athrú aeráide agus dúshláin chomhshaoil tionchar ar spreagadh na himirce ar fud an domhain. Imirce neamhrialta is ea cuid di. Is deacair cúiseanna soiléire leis an imirce a dhéanamh amach mar gheall ar a chasta atá idirghníomhú na dtosca éagsúla le chéile.

Dá bhrí sin, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta, tá gá le cur chuige cuimsitheach lena ndéanfar an raon éagsúil tosca atá i gceist a mheas. Ní mór dúinn oibriú i gcomhar le comhpháirtithe chun méadú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht maidir le bainistiú agus slándáil teorainneacha, deireadh a chur le líonraí gáinneála ar dhaoine agus líonraí smuigleála, agus oibriú i gcomhpháirt le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena gcuimsítear oibriú tríd an gComhaontas Domhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac. Ní mór dúinn tairbhe a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dúinn, an taidhleoireacht, an beartas víosaí i dtús báire, mar aon le dreasachtaí trádála agus infheistíochta. Ina theannta sin, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna leis an imirce neamhrialta trí dheiseanna oibre a chruthú le haghaidh daoine óga ionas go mbeidh siad in ann cur le rathúnas a dtíre dúchais seachas a mbeatha a chur i mbaol ar thurais chontúirteacha.

Ní mór dúinn gníomhú go cinntitheach agus go pragmatach chun teorainn a chur le himeacht agus trasnú neamhrialta, i gcomhpháirtíocht le príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais. Geallaim go nglacfaidh mé cur chuige 'an bhealaigh iomláin' chun an imirce a bhainistiú go héifeachtach. Is dúshlán ilghnéitheach í an imirce a éilíonn freagairt chomhordaithe chuimsitheach, mar aon le comhleanúnachas idir na hiarrachtaí inmheánacha agus seachtracha sa réimse sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé ar intinn agam oibriú go dlúth leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce, agus leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas, chun a áirithiú gur cuid de straitéis chuimsitheach é an beartas imirce, straitéis lena gcuimsítear dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhrialta. Oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um Réigiún na Meánmhara freisin maidir leis an gComhshocrú Nua le haghaidh Réigiún na Meánmhara, chun díriú ar chomhpháirtíochtaí le tíortha tionscnaimh agus idirthurais. Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann idir na tíortha Comharsanachta / tíortha na hAfraice Fo-Shaháraí chun cur i gcoinne smuigleáil imirceach agus chun bainistiú na dteorainneacha seachtracha a neartú.

Le blianta beaga anuas, tá dlús curtha ag an Aontas cheana féin lena rannpháirtíocht le tíortha comhpháirtíochta, agus sáraí ICFCI-an Eoraip Dhomhanda le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an imirce agus leis an easáitiú éigeantach. Tá breis agus 190 gníomhaíocht á gcur chun feidhme faoi láthair, ar fiú EUR 5.3 billiún iad, go háirithe san Afraic fho-Shahárach, san Afraic Thuaidh, agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Geallaim go ndéanfaidh mé mo sheacht ndícheall na spriocanna a chomhaontaíomar le chéile a bhaint amach.

Creidim go daingean gur féidir ról dearfach a bheith ag ár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta maidir leis an imirce neamhrialta a chosc ach ár n-infheistíochtaí Global Gateway a dhíriú ar na réimsí is mó a bhfuil tábhacht leo (mar shampla, an fhorbairt eacnamaíoch, an t-oideachas, an cúram sláinte). Má dhéanaimid deiseanna áitiúla a chothú, laghdóimid an spreagadh chun aistriú chuig áiteanna eile. Is treoirphlean í comhpháirtíocht an Aontais leis an Máratáin – infheistíocht a dhéanamh san fhuinneamh glas, sa tsláinte agus san oideachas, ní hamháin go spreagann sin fás ach cruthaíonn sé na poist agus an todhchaí atá á lorg ag daoine sa bhaile.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam an loighic 'tuilleann breis tuilleadh' a shaothrú freisin. Is dea-shampla é 'cur chuige solúbtha dreasachtbhunaithe' ICFCI-an Eoraip Dhomhanda den chaoi ar féidir le Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt an Aontais dea-chomhar a chothú maidir leis an imirce trí chuidiú leis an dá thaobh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus tacú le pobail agus iad ag iarraidh a dtodhchaí féin a chruthú sa bhaile.

Creidim freisin gur chun leas an Aontais é a bheith gníomhach fós i limistéir choinbhleachta, i dtíortha leochaileacha agus i suíomhanna casta eile, agus cuirim san áireamh leis sin éifeachtaí seach-iarmharta diúltacha don Aontas i bhfoirm imirce neamhrialta a sheachaint. Maidir leis sin, ní mór dúinn díriú níos mó fós ar phobail a chobhsú trí fhorbairt eacnamaíoch, trí thacaíocht rialachais áitiúil, agus trí choinbhleachtaí a chosc.

Comhar maidir le bealaí dlíthiúla nua, féadfaidh sé sin rannchuidiú freisin leis an imirce neamhrialta chuig an Aontas a laghdú. Le Comhpháirtíochtaí Tallainne, féadtar cuidiú leis an gcomhar maidir le soghluaisteacht an lucht saothair a struchtúrú d'fhonn borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair in earnálacha agus i ngairmeacha ar leith, agus san am céanna, forbairt scileanna agus fás eacnamaíoch i dtíortha tionscnaimh a chur chun cinn.

Is mian liom béim a leagan ar phointe amháin: gach beart a dhéanaimid, is gá é a bheith fréamhaithe go daingean in urraim do dhlí an Aontais agus don dlí idirnáisiúnta, ina measc Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Geallaim go n-oibreoidh mé le Parlaimint na hEorpa sa réimse sin freisin, agus mar chuid de sin, bainfidh mé a oiread tairbhe agus is féidir as an idirphlé geopholaitiúil ardleibhéil agus coinneoidh mé í ar an eolas go hiomlán. Creidim sa trédhearcacht, agus áirím leis sin trédhearcacht i ndáil leis an dul chun cinn i dtreo na sprice táscaí maidir le caiteachas ar imirce dá bhforáiltear i Rialachán ICFCI-An Eoraip Dhomhanda.

Tríd an bhFóram Beartais um Fhorbairt agus trí chomhairliúcháin Thoscaireachtaí an Aontais, ba cheart don Aontas gníomhú chun rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta, grúpaí diaspóra agus pobal imirceach a mhealladh chuig ár n-idirphlé maidir leis an imirce.

*7. Maoiniú le haghaidh forbartha agus riachtanais tíortha leochaileacha*

*Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat a áirithiú go gcuirfear Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt an Aontais ar fáil ar bhealach níos éifeachtúla, lena n-áirítear trí logánú, agus go gcuirfear cistiú leordhóthanach ar fáil do na Tíortha is Lú Forbairt agus do thíortha i gcomhthéacsanna leochaileacha, lena ndéanfar an 'cur chuige difreáilte' agus an Nasc idir Daonnúlacht, Forbairt agus an tSíocháin a chur chun feidhme, agus cosc á chur ar aon mhí-úsáid cistí ag an am céanna? I bhfianaise na bearna maoiniúcháin forbartha agus na n-ualaí fiachais atá ag méadú agus atá os comhair go leor tíortha i mbéal forbartha, cad iad na tionscnaimh a dhéanfaidh tú, ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal Fhoireann na hEorpa agus ar an leibhéal iltaobhach, maidir le slógadh acmhainní intíre, sreabha aindleathacha airgeadais, chomh maith le faoiseamh fiachais agus bainistiú athstruchtúrúcháin fiachais? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a mhealladh, lena n-áirítear cuideachtaí Eorpacha agus Institiúidí Eorpacha Maoiniúcháin Forbraíochta chomh maith le gníomhaireachtaí cistiúcháin na mBallstát chun maoiniú a mhéadú? Cén cur chuige nithiúil sa togra le haghaidh an chéad bhuiséid fhadtéarmaigh eile a mholfaidh tú do do shainchúram agus conas a rannchuideoidh tú le hobair an Choláiste ar 'mhaoiniú athchóirithe gníomhaíochta seachtraí' ó thaobh acmhainní agus clár de chun comhpháirtíochtaí an Aontais le tíortha i mbéal forbartha a neartú?*

Beidh mé ag dréim lena áirithiú go rannchuideoidh an tAontas go héifeachtúil leis na hiarrachtaí domhanda chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur ar ais ar an mbóthar ceart agus chun an bhearna mhaoiniúcháin bhliantúil de EUR 4 thrilliún a dhúnadh. Feicim roinnt céimeanna chun tosaigh, ionas go bhfeidhmeoidh ár gCúnamh Oifigiúil um Fhorbairt ar bhealach níos éifeachtúla, dár gcomhpháirtithe is leochailí freisin.

Ar an gcéad dul síos, níl sé d'acmhainn againn a thuilleadh dul thar fóir, a bheith ilroinnte, ná forluí a bheith ann maidir lenár n-iarrachtaí laistigh den Aontas. Ní mór dúinn an leas is fearr is féidir a bhaint as cistí an Aontais agus na mBallstát trí chur chuige difreáilte, rud lena n-áiritheofar ár gcúnamh a bheith in ann freagairt do riachtanais shonracha gach tíre agus gach réigiúin ach a bheith in ann cosc a chur ar mhí-úsáid cistí san am céanna. Is gá dúinn leanúint de chur chuige Fhoireann na hEorpa a fhorbairt agus leas a bhaint as a acmhainneacht iomlán trí chomhordú ar gach leibhéal – leis na Ballstáit san Eoraip agus ar an láthair i dtíortha comhpháirtíochta, lena líonraí taidhleoireachta, lena n-institiúidí airgeadais forbartha agus lena nGníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin, agus le hearnáil phríobháideach na hEorpa. Fágfaidh sin, ní hamháin go mbeidh scála, tionchar agus infheictheacht mhéadaithe ann, ach go gcuirfear le héifeachtacht ár gCúnaimh Oifigiúil um Fhorbairt freisin.

Ar an dara dul síos, tá sé fíor-riachtanach an earnáil phríobháideach a shlógadh. Ba cheart dúinn dlús a chur lenár rannpháirtíocht le cuideachtaí áitiúla agus Eorpacha agus maoiniú príobháideach níos inbhuanaithe a scaoileadh trí dhí-rioscú infheistíochtaí (cuimsítear leis sin ionstraimí airgeadais nuálacha a úsáid, mar shampla, clár ráthaíochta an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus) chun ár spriocanna beartais phoiblí a bhaint amach. Is féidir tairbhe a bhaint as uirlisí maoiniúcháin cumaiscthe freisin trí chomhar le hinstitiúidí, mar shampla, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF). Ar an gcaoi sin, úsáidfear airgead poiblí chun gníomhaíochtaí straitéiseacha agus uirlisí nuálacha airgeadais a chumasú

chun infheistíochtaí príobháideacha breise a shlógadh. Tá siad fíor-riachtanach chun an tsnáthaid a bhogadh i dtreo aistriú dícharbónaithe digiteach.

Ar an tríú dul síos, ba cheart dúinn oibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun teacht ar réitigh dhomhanda chun níos mó maoinithe lamháltais a shlógadh agus chun an t-ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta a athchóiriú ionas go mbeidh sé oiriúnach dá fheidhm. Tá ról gníomhach cuiditheach ag an Aontas sa phlé maidir le córas Bretton Woods a athchóiriú, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go leanfaimid de sin amach anseo.

Ar ndóigh, ní féidir leis na bearta sin tacú le hathchóirithe struchtúracha i dtíortha comhpháirtíochta ach amháin i gcás ina bhfuil bainistíocht fhónta airgeadas phoiblí i bhfeidhm. Ní mór tús áite a thabhairt d'fheabhsuithe ar Shlógadh Acmhainní Intíre, do bhainistiú inbhuanaithe fiachais agus do dhul i ngleic le sreabha aindleathacha airgeadais: sin an réimse is mó ina bhfuil acmhainneacht maidir le forbairt inbhuanaithe. Ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí sin tríd an tionscnamh 'Bailigh Níos Mó, Caith Níos Fearr', cuir i gcás, nó trí Thionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le Sreabha Airgeadais Aindleathacha agus an Choireacht Thrasnáisiúnta ghaolmhar a chomhrac.

Sna blianta amach romhainn, beidh orainn freisin tionscnaimh iltaobhacha athstruchtúrúcháin fiachais a neartú, mar shampla, Creat Comhchoiteann G20 um Chóireáil Fiachais, chun go mbeidís níos tráthúla agus níos trédhearcaí. Is gá dúinn freisin teacht ar réitigh éifeachtacha le haghaidh tíortha leochaileacha Meán-Ioncaim nach bhfuil incháilithe don Creat Comhchoiteann.

Comhdháil 2025 na Náisiún Aontaithe in Sevilla maidir le Maoiniú don Fhorbairt, is deis ar leith í sin dúinn an dul chun cinn a mheas agus treochlár a fhorbairt le haghaidh na mblianta atá le teacht.

Ar leibhéal an Aontais, is deis a bheidh sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile nach féidir linn a chailleadh. I dtéarmaí simplithe, trédhearcachta agus éifeachtachta, ba chéim chun cinn é glacadh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda. Amach anseo, creidim gur cheart dúinn treo níos straitéisí a thabhairt dár ngníomhaíocht sheachtrach, ár n-ionstraimí a dhéanamh níos solúbtha, agus ár mbeartais inmheánacha agus sheachtracha a ailíniú a thuilleadh chun tosaíochtaí straitéiseacha na hEorpa a chur san áireamh. San am céanna, i dtíortha i suíomhanna casta, ba cheart dúinn leanúint de dhíriú ar bhunriachtanais na bpobal leochaileach de mheon an naisc idir an Daonnúlacht, an Fhorbairt agus an tSíocháin, chun a áirithiú go mbeidh tionchar ag ár n-iarrachtaí i gcónaí.

<u>Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha</u>

*8. Cuireadh de chúram ort an 'branda' Global Gateway a fhorbairt le 'rianú agus tuairisciú éifeachtach agus infheicthe, lena n-áirítear maidir le cistiú príobháideach a shlógadh'. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat go nithiúil tionchar agus torthaí Global Gateway a thomhas? Conas a áiritheoidh tú go nglacfaidh an earnáil phríobháideach san Aontas Eorpach páirt sna hiarrachtaí ar leibhéal leordhóthanach chun an ghiaráil airgeadais is gá a ghiniúint, rud nach féidir a dhéanamh le cistí poiblí amháin, go háirithe i gcás ina gcruthaíonn éagobhsaíocht pholaitiúil nó rialachas lag éiginnteacht? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat feabhas leordhóthanach a chur ar chumarsáid, infheictheacht agus tionchar an 'bhranda' Global Gateway chun insintí bréagacha agus bréagaisnéis a fhrithchothromú? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat an comhar um fhorbairt a struchtúrú i gcomhthéacsanna éagobhsaí, i gcás nach féidir an branda Global Gateway a chur chun feidhme agus cur chuige chearta an duine a áirithiú i gcothú, i gcothabháil agus i dtreisiú an chaidrimh le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus a áirithiú go gcoinneoidh Global Gateway an aidhm atá aige a bheith ina thairiscint atá bunaithe ar luachanna? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le samhlacha comhair eile nach bhfuil chomh rialáilte céanna, mar shampla Tionscnamh Creasa agus Bóthair na Síne?*

Maidir le rianú agus tuairisciú infheicthe, slógadh cistithe phríobháidigh san áireamh, féach mo fhreagra ar Cheist 3. Maidir le comhthéacsanna éagobhsaí, féach mo fhreagraí ar cheisteanna 3, 4 agus 5.

Le Global Gateway féachtar leis na dreasachtaí agus an timpeallacht cheart a chruthú le go ndéanfadh an earnáil phríobháideach infheistíocht inbhuanaithe i dtíortha comhpháirtíochta chun freagairt d'uaillmhianta agus d'éilimh ár gcomhpháirtithe agus chun cuidiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, molfaidh mé an méid seo a leanas a dhéanamh chun rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a uas-scálú:

(1) An comhar le BEI agus BEAF a dhoimhniú chun an maoiniú le haghaidh tionscadail forbartha i dtíortha i mbéal forbartha a uas-scálú. Is féidir linn deontais an Aontais a chomhcheangal le hinfheistíochtaí ón earnáil phríobháideach, rud a áiritheoidh go mbeidh na tionscadail fós inmharthana ó thaobh airgeadais de agus go rannchuideofar leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe san am céanna.

(2) A áirithiú go mbeidh infheistíochtaí sa timpeallacht chumasúcháin ghnó, caipiteal daonna san áireamh, ag gabháil le hinfheistíochtaí i mbonneagar.

(3) Na dreasachtaí cearta a chur ar fáil do chuideachtaí chun go nglacfaidh siad páirt inár n-iarracht forbairt inbhuanaithe a chruthú, lena gcuimsítear forbairt inbhuanaithe trí uirlisí airgeadais nuálacha, mar shampla, an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus, chun cuidiú le hinfheistíochtaí a dhí-rioscú.

(4) Leas a bhaint as acmhainneacht iomlán Ghrúpa Comhairleach Gnó Global Gateway chun ionchur agus aiseolas a bhailiú maidir le treoshuíomh straitéiseach na straitéise.

(5) Múscailt feasachta a neartú, ar leibhéil an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát araon. Is féidir le fóraim ghnó, mar shampla, cuidiú le naisc agus deiseanna nua a chruthú.

Is é an bealach is éifeachtaí chun cur i gcoinne na bréagaisnéise infheistíocht a dhéanamh i gcumarsáid dhearfach maidir le tairiscint na hEorpa do thíortha comhpháirtíochta. De réir mar a thiontaíonn Global Gateway ó ghnólacht nuathionscanta ina ghnólacht atá ag méadú ó scála go scála, agus tairiscint cháilíochtúil á tabhairt aige mar fhreagairt d’iarraidh ár gcomhpháirtithe ar infheistíochtaí straitéiseacha, ba cheart don Aontas a chumarsáid a oiriúnú freisin chun an fheasacht ar Global Gateway mar bhranda iontaofa a fheabhsú. Ní mór dúinn aistriú go réamhghníomhach chuig modh feachtais, ina dtaispeánfar tairiscint dhearfach Global Gateway an Aontais don phobal i gcoitinne. Chuige sin, tá gá le cur chuige níos straitéisí níos spriocdhírithe, agus an cur chuige sin á spreagadh ag feachtais ghairmiúla lena sroichfear lucht spéise nua trí na cainéil a úsáideann siad, agus lena gcuirfear teachtaireacht in iúl atá tábhachtach dóibh. Ní mholann aon cheann dár n-iomaitheoirí tairiscint is féidir a chur i gcomparáid lenár gceannsa; ní mór dúinn a áirithiú go gcuirfear é sin ar shúile an domhain.

I ndeireadh na dála, is é a spreagfaidh tionchar bhranda Global Gateway rolladh amach rathúil tionscadal nithiúil ar an láthair. Ní mór dúinn cumarsáid a dhéanamh trí chur chuige Fhoireann na hEorpa, d’aon ghuth, maidir le torthaí tionscadal suaitheanta a n-éiríonn leo. Ní mór dúinn a áirithiú freisin go gcuirfear buntáistí ár dtionscadal ar a súile d’infheisteoirí ionchasacha.

Lasmuigh de Global Gateway, ba cheart don Aontas acmhainní tiomnaithe a choinneáil ar bun chun bheith gníomhach i suíomhanna leochaileacha agus i suíomhanna coinbhleachta. Sna limistéir sin, ba cheart díriú ar na riachtanais is práinní atá ag an bpobal ó thaobh bia, sláinte agus oideachais de. I dtíortha atá á rialú ag rialtais mhíbhunreachtúla, má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh cur chuige soiléir agam: gan an rialtas a dhlisteanú ach gníomhú ar mhaithe leis na daoine i gcónaí agus teagmháil a dhéanamh leo. Dá dtarraingeofaí siar go hiomlán, bheadh costais nach beag ann dá bharr, d’fhágfaí folús agus ghearrfaí pionós ar phobail atá leochaileach cheana féin. Dá bhrí sin, ní mór dúinn teacht ar chomhréiteach, agus é le cur in oiriúint do gach cás tíre ar leith.

Is é Global Gateway tairiscint na hEorpa i dtimpeallacht gheo-eacnamaíoch atá ag éirí níos plódaithe de réir a chéile. Torthaí a bhaint amach, sin an bealach is fearr le dul san iomaíocht; is é an tionchar an argóint is láidre dá bhfuil againn.

<u>Ceist ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta</u>

*9. Maidir le caidreamh trádála le tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear rochtain níos fearr ar acmhainní criticiúla, cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go mbeidh gnéithe trádála níos feiceálaí i gceapadh agus i gcur chun feidhme na straitéise Global Gateway? Go sonrach, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat naisc agus forluí a threisiú idir na comhaontuithe éascaithe infheistíochta agus an straitéis Global Gateway agus conas a áiritheoidh tú sineirgí leis na Comhpháirtíochtaí nua um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan chun leasa fhrithpháirtigh an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta? Conas a chuirfidh tú an straitéis Global Gateway in oiriúint chun déileáil leis an teannas trádála geopholaitiúil atá ag dul i méid agus le ról níos láidre na ngeilleagar atá ag teacht chun cinn (e.g. an tSín, an India), lena n-áirítear ar mhór-roinn na hAfraice? Cén chaoi a mbeidh an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta rannpháirteach i gceapadh agus i gcur chun feidhme na straitéise?*

Le blianta beaga anuas, tá fírinní domhanda nua tagtha chun cinn: tá an gheopholaitíocht agus an gheo-eacnamaíocht fite fuaite ina chéile anois, agus tá méadú ag teacht ar theannas agus ar choinbhleachtaí trádála; déanann príomhthíortha iad féin a iompar ar bhealach níos teanntásaí, agus cuireann siad in aghaidh an oird idirnáisiúnta sheanbhunaithe chun samhlacha rialachais malartacha chun cinn; tá spleáchais á n-úsáid mar airm. Tá cath tairiscintí ann.

Tá an tAontas tar éis a shamhail don chomhar um fhorbairt a oiriúnú cheana féin i gcomhréir leis na fírinní nua sin. Is leis an straitéis Global Gateway is fearr a léirítear an méid sin, mar gur freagairt í d'éileamh ár dtíortha comhpháirtíochta ar nasc níos fearr leis na slabhraí luacha domhanda, ar bhreisluach áitiúil a chruthú, agus ar athléimneacht i gcoinne suaití seachtracha.

Ós rud é gur iar-Aire Trádála atá ionam, tuigim an tábhacht agus an acmhainneacht a bhaineann leis an trádáil. Is inneall mór í atá ina bhonn taca faoin bhforbairt inbhuanaithe – ó 1990 go 2017, méadaíodh sciar d'onnmhairí domhanda na dtíortha i mbéal forbartha ó 16 % go 30 %; le linn na tréimhse céanna, thit an ráta bochtaineachta domhanda ó 36 % go 9 %.

Dá bhrí sin, tacaíonn an tAontas le héascú na trádála, go háirithe tríd an timpeallacht infheistíochta a neartú trí bhíthin bearta boga (mar shampla, fothú acmhainneachta, oiliúint, timpeallacht rialála) agus trí chuideachtaí a shlógadh chun dul i gcomhpháirtíocht agus infheistíocht a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin cuidiú le tíortha comhpháirtíochta breisluach áitiúil méadaithe a chruthú agus dul chun cinn a dhéanamh sna slabhraí luacha domhanda. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, rannchuideoidh mé leis an méid sin a bhaint amach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé ag dréim lena áirithiú go bhforbrófar infheistíochtaí Global Gateway sa chaoi go mbeidh sineirge iomlán ann idir iad sin agus na Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan a moladh le déanaí, agus sa chaoi go mbeidh siad ina gcomhpháirteanna comhlántacha de chuid bheartas eachtrach eacnamaíoch nua an Aontais, agus déanfaidh mé an méid sin i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Thrádáil agus um Shlándáil Eacnamaíoch. Ba cheart é a bheith d'aidhm againn comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a bhunú le príomh-chomhpháirtithe, comhpháirtíochtaí lenar féidir an t-iomaíochas a neartú agus slabhraí soláthair a éagsúlú agus, san am céanna, an inbhuanaitheacht agus an breisluach a fheabhsú, rud a chuirfidh borradh faoi gheilleagair ár gcomhpháirtithe agus a thacóidh le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 freisin.

Beidh sé ríthábhachtach tacaíocht pholaitiúil agus ionchur a fháil ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Global Gateway. Dá bhrí sin, i ndíospóireachtaí iomlánacha agus i gcruinnithe Coiste araon, má dheimhnítear m'ainmniúchán, is mian liom an Pharlaimint a chur ar an eolas go rialta maidir le cur chun feidhme na straitéise agus dul i mbun plé maidir lena huas-scálú. Ina theannta sin, molfaidh mé do Pharlaimint na hEorpa leas iomlán a bhaint as a rannpháirtíocht i mBord Global Gateway.

<u>Ceist ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile</u>

*10. De réir do litreach misin, ba cheart duit oibriú ar chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha comhthairbheacha a fhorbairt le tríú tíortha le cur chuige comhtháite ionas go rannchuideoidh beartais eacnamaíocha, dhaonnúla, forbartha, síochána agus slándála go huile leis na comhpháirtíochtaí sin a neartú. Is é is aidhm leis aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus ar phríomhspreagthaí na himirce neamhrialta agus líonraí na smuigléirí a chomhrac agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine. Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh na comhpháirtíochtaí sin go héifeachtach, go háirithe i réimse na himirce? Conas a áiritheoidh tú gur féidir leis an bParlaimint a maoirseacht a fheidhmiú le linn an phróisis chun na comhpháirtíochtaí sin a fhorbairt, go háirithe nuair a d'fhéadfadh roinnt dá ngnéithe tionchar a imirt ar a sainchumais reachtacha?*

Is den ríthábhacht í treoir pholaitiúil Pharlaimint na hEorpa maidir le hábhair a bhaineann leis an imirce. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go gcoinneoidh mé Parlaimint na hEorpa ar an eolas go rialta. Maidir leis an gcuid eile de mo shainchúraimí, áiritheoidh mé go gcloífidh foireann mo sheirbhísí agus go gcloífidh mé féin leis na ceanglais dhlíthiúla agus na ceanglais maidir le nósanna imeachta d'fhonn grinnscrúdú daonlathach, trédhearcacht agus cuntasacht a éascú.

An comhar lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, tá sé ríthábhachtach chun slándáil an Aontais, cobhsaíocht dhomhanda agus forbairt eacnamaíoch a bhaint amach. Is ionstraim thábhachtach é chun rannchuidiú le bainistiú

éifeachtach cothrom na himirce, ionstraim lenar féidir aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus na líonraí coiriúla a thairbhíonn di a chomhrac. Mar a leagtar amach sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, is gné ríthábhachtach de chur chuige cuimsitheach an Aontais fós é comhpháirtíochtaí cuimsitheacha a fhorbairt le tríú tíortha, comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is é a bheidh ina chuspóir agam feabhas a chur ar an gcomhar sin leis na príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais agus tacú le cur chun feidhme éifeachtach ghné sheachtrach an Chomhshocraithe.

I gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas, leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce, agus leis an gCoimisinéir um Réigiún na Meánmhara, leagfaidh mé béim ar oibriú i dtreo gníomhaíochtaí nithiúla agus comhar oibríochtúil maidir le forfheidhmiú an dlí chun cur isteach ar choireacht eagraithe trasteorann lena mbaineann smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht agus gáinneáil ar dhrugaí. Oibreoidh mé le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le tríú tíortha chun cosaint iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe i dtríú tíortha óstacha a áirithiú, agus chun tacú le pobail óstacha. Cuirtear san áireamh san iarracht chuimsitheach sin freisin conairí dlíthiúla a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit, trí Chomhpháirtíochtaí Tallainne an Aontais agus trí scéimeanna um imirce chiorclach i measc nithe eile.

Ní mór ár straitéis imirce a bheith fréamhaithe sa dlí idirnáisiúnta i gcónaí, agus gealltanas a bheith ag gabháil leis cearta an duine a urramú. Na bearta uile a dhéanfar chun srian a chur leis an imirce neamhrialta, caithfidh siad creataí dlíthiúla an Aontais agus na creataí dlíthiúla idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán. I measc na gcreataí ar gá cloí leo, tá Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Ba cheart oibleagáid chonarthach a bheith ar chomhpháirtithe cur chun feidhme fós tuairisciú rialta cuimsitheach a sholáthar ar a ngníomhaíocht agus ar an staid sa tír ina bhfuil an ghníomhaíocht arna maoiniú ag an Aontas á cur chun feidhme.

Is den ríthábhacht é comhleanúnachas a bheith ann idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an imirce. I gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, rannchuideoidh mé freisin le Straitéis an Aontais maidir le Beartas Víosaí agus leis an gComhshocrú nua don Mheánmhuir chun teorainneacha a dhaingniú ar bhealach níos fearr agus chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an imirce.

<u>Ceist ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne</u>

*11. De réir do litreach misin, leanfaidh tú de bheith ag áirithiú go gcuirfidh an tAontas cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun cinn, lena n-áirítear SFI 5 maidir le comhionannas inscne agus go leanfaidh comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní de bheith mar thosaíocht ar bheartais idirnáisiúnta comhair agus forbartha an Aontais. An bhfuil aon tionscnaimh nua ann atá beartaithe agat a dhéanamh chun Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus an clár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus conas a oibreoidh tú chun tosaíocht de chuid an Aontais a dhéanamh de staid na mban agus na gcailíní i gcoinbhleachtaí armtha? An dtabharfaidh tú gealltanas i leith GAP IV a fhorbairt? Conas a rachaidh an Coimisiún i ngleic le soláthar seirbhísí sláinte agus ceart gnéis agus atáirgthe mar chuid dá chabhair dhaonnúil agus dá chomhar um fhorbairt agus go háirithe i gcás mná torracha a thagann ó limistéir choinbhleachta, ar tháinig cuid acu slán ón bhforéigean agus ón éigniú? I bhfianaise ionsaithe domhanda ar chomhionannas inscne agus ar chearta LADTIA+, conas atá sé beartaithe agat a áirithiú go leithdháilfidh an tAontas rochtain leordhóthanach dhíreach ar acmhainní ar eagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta, ar chosantóirí chearta LADTIA+ agus chearta na mban agus ar a n-eagraíochtaí?*

Is bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne agus is tosaíocht pholaitiúil é i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Lena chois sin, is é an dea-eacnamaíocht é. Tugtar le fios i dtaighde a rinne an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta go bhféadfaí méadú beagnach 8 % a dhéanamh ar OTI na dtíortha i mbéal forbartha ach an bhearna idir na hinscní sna margaí saothair a laghdú. Dá ndúnfaí an bhearna go hiomlán, d'fhéadfaí an OTI a ardú faoi 23 % ar an meán. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh aird á díriú agam fós ar an gcomhionannas inscne – mar sprioc ann féin ach freisin mar chatalaíoch don fhorbairt inbhuanaithe, don fhás láidir eacnamaíoch, don rialachas fónta, agus do shíocháin agus slándáil mharthanach.

Le Plean Gníomhaíochta Inscne III, tá an comhionannas inscne á chur chun cinn go mór mar thosaíocht straitéiseach i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Mar thoradh air sin, tá cur chuige níos comhtháite ann sna beartais trí chéile, mar aon le tacaíocht mhéadaithe do thíortha comhpháirtíochta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé gur plean uaillmhianach a bheidh sa chéad phlean eile. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Coimisinéirí eile, ina measc an Coimisinéir um Chomhionannas agus an tArdionadaí / Leas-

Uachtarán. Seolfaidh mé comhairliúchán leathan leis na comhpháirtithe uile, Parlaimint na hEorpa san áireamh, agus tabharfaidh mé deis don tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé feabhas ar phríomhshruthú na hinscne inár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta uile, déanfaidh mé méadú ar na gníomhaíochtaí a bheidh dírithe ar an inscne, tabharfaidh mé tacaíocht do chumhachtú na mban agus forbróidh mé tionscnaimh nua chun na bearnaí idir na hinscní a dhúnadh maidir le rannpháirtíocht san oideachas agus sa mhargadh saothair, maidir le hioncam agus maidir le rochtain ar acmhainní agus ar sheirbhísí.

Is deis é comóradh Dhearbhú Bhéising maidir leis an gComhionannas Inscne agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil in 2025 chun ceannaireacht an Aontais a neartú agus gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun an comhionannas inscne a chur chun cinn. Déanfaidh mé deimhin de, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí / Leas-Uachtarán, go n-urramóidh an tAontas na garspriocanna sin.

Ní mór aird ar leith a thabhairt ar mhná agus ar chailíní i gcoinbhleacht armtha, toisc nach mór dóibh aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha (mar shampla, úsáid an éignithe mar arm cogaidh) agus toisc gur minic nach dtugtar suíochán dóibh ag an mbord caibidlíochta. Ní mór don Aontas tacú ar bhealach níos láidre le rannpháirtíocht chothrom fhóinteach na mban i gcosc agus réiteach coinbhleachtaí. I gcomhthéacsanna leochaileacha, ba cheart cosaint leanaí, an óige agus riachtanais na mban a bheidh ina dtosaíocht (mar shampla, an cur chuige 'mná ar son na mban' san Afganastáin).

An foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, is gné thábhachtach é sin d'athléimneacht a fhorbairt i leith bagairtí slándála, athléimneacht ar leibhéal an phobail san áireamh. Thar aon ní eile, áfach, is sárú uafásach ar chearta an duine é an foréigean inscnebhunaithe. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé gach ar féidir liom chun cuidiú le deireadh a chur leis an sciúirse sin.

Tá bearna mhór idir na hinscní ó thaobh cúraim sláinte de. Tá sé tábhachtach rochtain a bheith ag cách ar shláinte agus ar chearta gnéis agus atáirgthe, ní hamháin chun a áirithiú go bhfaighidh mná agus cailíní an cúram a bhfuil gá acu leis, ach freisin chun iad a chumhachtú le tionchar a imirt ar a saol féin.

Is iad eagraíochtaí ban agus an tsochaí shibhialta atá ar thús cadhnaíochta sa chomhrac ar son an chomhionannais inscne. Is comhghuaillí ríthábhachtach iad agus muid ag iarraidh athrú ó bhonn – athrú marthanach – a dhéanamh ar chúrsaí inscne agus teagmháil a dhéanamh leis na mná agus na cailíní is mó atá ar imeall na sochaí. Is do 1 750 eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta a tugadh leath de chistí na gníomhaíochta Spotsolais. Tacaíonn an tAontas freisin le cosantóirí chearta an duine, cosantóirí chearta LADTI ina measc. Is cosantóirí chearta na mban iad breis agus leath de thairbhithe Chlár an Aontais um Chosantóirí Chearta an Duine. Níl iontu sin ach cuid bheag de na samplaí iomadúla de rannpháirtíocht straitéiseach an Aontais leis an tsochaí shibhialta maidir le comhionannas inscne agus comhionannas LADTI.